CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/2180 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann maidir leis an laghdú sealadach ar an éarlais íosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh na treoirlínte atá sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil ("an Socrú") a thrasuí, agus dá bhrí sin, rinneadh ceangailteach ó thaobh dlí san Aontas Eorpach iad le Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(2) Tá Rannpháirtithe sa Socrú ("na Rannpháirtithe") le cinneadh a dhéanamh, i nós imeachta i scríbhinn, faoi thogra an Aontais Eorpaigh maidir le Líne Choiteann i gcomhréir le Caibidil IV, Roinn 5 den Socrú, ionas go bhféadfar laghdú sealadach a dhéanamh ar an éarlais íosta a éilítear de bhun Airteagal 11 a) den Socrú ("an Líne Choiteann mholta"), i bhfianaise an chúlaithe eacnamaíoch atá ann faoi láthair i ngeall ar COVID-19.

(3) Leis an Líne Choiteann mholta, thabharfaí deis do cheannaitheoirí poiblí i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim, ar ceannaitheoirí iad a cheannaíonn earraí agus seirbhísí dá dtugtar tacaíocht oifigiúil creidmheasanna onnmhairiúcháin, éarlaisí íosta de 5 % ar a laghad de luach an chonartha onnmhairiúcháin a íoc ar feadh tréimhse 12 mhí, in ionad éarlaisí íosta de 15 % mar a cheanglaítear le hAirteagal 11 a) den Socrú. Is é an toradh a bheadh air sin go méadófaí an srian maidir le tacaíocht oifigiúil uasta a d'fhéadfadh na Rannpháirtithe a chur ar fáil de bhun Airteagal 11 c) den Socrú, ó uasteorainn 85 % suas le 95 % de luach an chonartha onnmhairiúcháin, don tréimhse chéanna.

(4) Tá an beart eisceachtúil seo riachtanach chun dul i ngleic leis an gcor chun donais eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim sláintíochta COVID-19 agus chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar tromchúiseach atá ag an gcor chun donais ar thionscadail thábhachtacha arna ndéanamh ag tionscal an Aontais i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, maidir leis an Líne Choiteann mholta sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe, a bhunú, mar go mbeidh an Líne Choiteann mholta, tráth a mbeidh sí comhaontaithe, in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa nós imeachta i scríbhinn ag na Rannpháirtithe sa Socrú maidir le Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an Líne Choiteann mholta maidir leis an laghdú sealadach ar an éarlais íosta, beidh sé bunaithe ar an Dréacht-Togra ón Aontas Eorpach maidir le Líne Choiteann ([2])

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1233/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le treoirlínte áirithe a chur i bhfeidhm i réimse na gcreidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/76/CE agus 2001/77/CE ón gComhairle (IO L 326, 8.12.2011, lch. 45).

([2]) Féach doiciméad ST 11591/21 ag http://register.consilium.europa.eu.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha..

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. KUSTEC